



# Na Gnéithe Cáilíochta: Nóta Cláir

...Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, lch. 24

Tuairisceoir	MRB2: Na Gnéithe Cáilíochta
<p>Úsáidtear <b>Thar barr ar fad</b> le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm</p>	<p style="text-align: center;"><b>Thar barr ar fad</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir ar an-ardchaighdeán, beacht, suimiúil agus an-spéisiúil agus tugtar léargas an-mhionsonraithe i dteannta tacaíochtaí cuimsitheacha don éisteoir</li><li>• Tugtar eolas domhain agus an-mhionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair</li><li>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal an-ard tionscnaíochta sa taighde</li></ul>
<p>Úsáidtear <b>Os cionn na n-ionchas</b> le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán</p>	<p style="text-align: center;"><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Tá na sonraí a thugtar faoi na píosaí sa Nóta Cláir beacht, suimiúil, spéisiúil agus an-soiléir, agus tugtar léargas mhionsonraithe i dteannta tacaíochtaí an-mhaith don éisteoir</li><li>• Tugtar eolas domhain agus mionsonraithe ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair</li><li>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle leibhéal ard tionscnaíochta sa taighde</li></ul>
<p>Úsáidtear <b>Ag teacht leis na hionchais</b> le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó</p>	<p style="text-align: center;"><b>Ag teacht leis na hionchais</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Tugtar roinnt eolas agus sonraí spéisiúla faoi na píosaí sa Nóta Cláir, agus tugtar roinnt léargas i dteannta tacaíochtaí maithe don éisteoir</li><li>• Tugtar dóthain eolais agus cúlra ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair</li><li>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle roinnt tionscnaíochta sa taighde</li></ul>
<p>Úsáidtear <b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b> le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnamh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart</p>	<p style="text-align: center;"><b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Tugtar eolas agus sonraí teoranta faoi na píosaí sa Nóta Cláir agus is beag léargas, más ann ar chor ar bith dó, a thugtar mar thacaíocht don éisteoir</li><li>• Tugtar eolas agus cúlra teoranta ar chomhthéacs stairiúil nó cuspóir an tsaothair</li><li>• Léiríonn sonraí beathaisnéise an chumadóra/an chumadóra amhrán/eiseamláirí na stíle easpa fianaise ar thaighde nó ar léitheoireacht neamhspleách</li></ul>

Join our mailing list  
on [www.jct.ie](http://www.jct.ie)Contact us at  
[info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)Follow us on  
[@JctMusicEdu](https://twitter.com/JctMusicEdu)